# Vóta 4

# An Phríomh-Oifig Staidrimh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 4, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus do speansais na Príomh-Oifige-Staidrimh.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.820 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, arna leagan amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 de 2019, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Meastar dímheas ar bhonn bliantúil chun críocha an chuntais seo.

## Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Stiúrthóir. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith cheanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath orthu siúd agus ar litir dhearbhaithe a fuarthas ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm i dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Tá an staid seo maidir leis an timpeallacht airgeadais agus rialaithe, leis an gcreat nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúchadh inmheánach leagtha amach anseo thíos:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear sa chreatlach na heilimintí a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Deimhním gur chomhlíon an Oifig na nósanna imeachta seo le linn 2019 ach amháin i gcás caiteachas ar luach €104,915 maidir le dhá chonradh a thar-rolladh ionas go gcríochnófaí próisis tairisceana. Tugadh faoi chreat lárnach in 2019 maidir leis an dá chonradh agus táthar ag súil leo sin a chríochnú le linn 2020.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Mar thoradh ar athstruchtúrú inmheánach agus ionas go bhféadfaí sraith moltaí a d'eascair as athbhreithniú neamhspleách ar an gcúram seo a chíoradh agus a chur chun feidhme (*Measúnú Seachtrach Cáilíochta um Iniúchadh Imheánach* (*Mazars*)), níor réitigh foireann Iniúchta Inmheánaigh na hOifige aon tuairiscí le linn 2019. Tugadh faoi chlár oiliúna an bhliain sin, agus tá Ceannasaí nua um Iniúchadh Inmheánach i bhfeidhm ón gcéad chuid de 2020. Déantar an fheidhm iniúchta inmheánach a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí a athleanúint.

**Creat riosca agus rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta a thógtar le tabhairt fúthu agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit lena n-aithnítear na príomhrioscaí don Oifig agus a feidhmeanna á gcomhlíonadh agus measadh agus grádaíodh iad de réir a dtábhachta. Déanann an bord bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus tugann sé freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta, áit is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais do rialú airgeadais inmheánach á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú airgeadais inmheánach.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú airgeadais inmheánach bainteach le 2019, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Pádraig Daltún**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

11 Meán Fómhair 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An Phríomh-Oifig Staidrimh agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

18 Meán Fómhair 2020

## Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh

# Cuntas Leithreasa 2019

| | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | |
| A Seachadadh an chláir staidrimh bhliantúil | 56,163 | 55,192 | 48,486 |
| **Ollchaiteachas** | **56,163** | **55,192** | **48,486** |
| *Lúide* | | | |
| **B Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,449** | **2,298** | **1,427** |
| **Caiteachas glan** | **54,714** | **52,894** | **47,059** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,819,597** | **1,686,701** |

**Pádraig Daltún**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Phríomh-Oifig Staidrimh

25 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 40,779 | 37,947 |
| Neamhphá | | 14,413 | 10,539 |
| **Ollchaiteachas** | | **55,192** | **48,486** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2,298** | **1,427** |
| **Caiteachas glan** | | **52,894** | **47,059** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (4,333) | | |
| Dímheas | 1,842 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 15 | | |
| | | (2,476) | 548 |
| | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 400 | | |
| Méadú ar stoc | (3) | 397 | (250) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **50,815** | **47,357** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,941 | 8,083 |
| Measchíosanna | | 1,706 | 1,646 |
| **Glanchostas cláir** | | **61,462** | **57,086** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 4 a iompraíodh in áit éigin eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a cionroinneadh ar Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,779 | 1,781 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 5,750 | 4,978 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,320 | 1,238 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 92 | 86 |
| | | **8,941** | **8,083** |

## Nóta 2 Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019<br>€000 | 2018<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 9,076 | 6,600 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 181 | (145) |
| Stoic | 2.3 | 57 | 54 |
| Réamhíocaíochtaí | | 881 | 1,054 |
| Ioncam fabhraithe | | 93 | 445 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 475 | 413 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 679 | 896 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 2,366 | 2,717 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 377 | 503 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 1,335 | 1,163 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 1,712 | 1,666 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 654 | 1,051 |
| **Glansócmhainní** | | **9,730** | **7,651** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **9,730** | **7,651** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis [a] | Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil mar a bhí 1 Eanáir 2019 | 66,718 | 3,403 | 869 | 70,990 |
| Breiseanna | 387 | 40 | 3,906 | 4,333 |
| Diúscairtí | (508) | (20) | — | (528) |
| A tugadh in úsáid | 672 | — | (672) | — |
| Costas nó luacháil mar a bhí 31 Nollaig 2019 | 67,269 | 3,423 | 4,103 | 74,795 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh mar a bhí 1 Eanáir 2019 | 61,128 | 3,262 | — | 64,390 |
| Dímheas don bhliain | 1,813 | 29 | — | 1,842 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (493) | (20) | — | (513) |
| Dímheas carntha mar a bhí 31 Nollaig 2019 | 62,448 | 3,271 | — | 65,719 |
| **Glansócmhainní mar a bhí 31 Nollaig 2019** | **4,821** | **152** | **4,103** | **9,076** |
| Glansócmhainní mar a bhí 31 Nollaig 2018 | 5,590 | 141 | 869 | 6,600 |

Nóta [a] San áireamh i 'Troscán agus feistis' tá sócmhainní ar luach €34,000 a bhí rangaithe roimhe seo faoi 'talamh agus foirgnimh'.

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| mar a bhí 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 180 | (177) |
| Iarmhéid cuntais bhainc thráchtála | — | 31 |
| Mionairgead | 1 | 1 |
| | **181** | **(145)** |

## 2.3 Stoic

| mar a bhí 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 45 | 41 |
| Ábhar inchaite TF | 12 | 13 |
| | **57** | **54** |

## 2.4 Iarmhéideanna Dochair Eile

| mar a bhí 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costas tuarastail in-aisíoctha | 157 | 155 |
| Costais taistil in-aisíoctha | 8 | 15 |
| Scéim pas taistil in-aisíoctha | 40 | 34 |
| Iarmhéid ar fionraí Oifig na nOibreacha Poiblí | 64 | 87 |
| Míreanna eile dochair ar fionraí | 206 | 122 |
| | **475** | **413** |

## 2.5 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| mar a bhí 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 490 | 431 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | 352 | 303 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 22 | 38 |
| Cáin bhreisluacha | 33 | 15 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 111 | 97 |
| An muirear sóisialta uilíoch | 100 | 92 |
| | 1,108 | 976 |
| Asbhaintí den phárolla á gcoinneáil ar fionraí | 182 | 175 |
| Iarmhéideanna dochair eile ar fionraí | 45 | 12 |
| | **1,335** | **1,163** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| mar a bhí 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 1,820 | 1,687 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,499) | (2,583) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste atá dlite** | **(679)** | **(896)** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 181 | (145) |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 475 | 412 |
| | 656 | 267 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,108) | (976) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (227) | (187) |
| | (1,335) | (1,163) |
| | **(679)** | **(896)** |

## 2.7 Cuntas Maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid mar a bhí 1 Eanáir | | | 7,651 | 7,949 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 54,714 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,820) | | |
| Vóta glan | | | 52,894 | 47,059 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 8,941 | 8,083 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 1,706 | 1,646 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (61,462) | (57,086) |
| **Iarmhéid mar a bhí 31 Nollaig** | | | **9,730** | **7,651** |

## 2.8 Ceangaltais

| mar a bhí 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthair earraí agus seirbhísí | 13,525 | 5,467 |
| **Iomlán na gceangaltas infheidhmithe le dlí** | **13,525** | **5,467** |

## 2.9 Dliteanais Aibithe

| mar a bhí 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán de dhliteanais aibithe | — | 1 |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Oifig ina páirtí i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh as a bhfhéadfadh dliteanais eascairt, ag brath ar thorthaí na dlíthíochta. Ní deimhin méid nó cá huair a thiocfadh dliteanais fhéidearthachun cinn.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an caiteachas vóta go léir mar chaiteachas riaracháin. Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta.

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 41,884 | 40,779 | 37,947 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,370 | 1,522 | 1,316 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,150 | 1,234 | 1,268 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 800 | 832 | 796 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 7,373 | 7,835 | 4,599 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,525 | 1,507 | 1,138 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 170 | 82 | 63 |
| viii | Bailiú staitisticí | 1,891 | 1,401 | 1,359 |
| | | **56,163** | **55,192** | **48,486** |

### Athrúcháin shuntasacha

Tugann an nóta seo a leanas na fáthanna do athrúcháin shuntasacha ar an chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus dar luach €100,000).

**viii Bailiú staitisticí**

*Soláthar meastacháin: €1.891 milliún, toradh: €1.401 milliún*

Bhí laghdú €490,000 i gcaiteachas ar bhailiú staitisticí mar thoradh ar oibríocht allamuigh na hOifige le haghaidh bailiú staitisticí a bheith timthriallach. Ina theannta sin, bhí costais ní ba ísle ná mar a bhí tuartha maidir le feidhmiú ionad glaonna a úsáidtear chun cuid de na freagraí ar shuirbhéanna líon tí a thaifeadadh agus chuir sé seo leis an sábháil airgid in 2019.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ón Aontas Eorpach | 130 | 1,016 | 62 |
| 2 | Ilghnéitheach | 70 | 46 | 32 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí[a] | 1,249 | 1,236 | 1,333 |
| | **Iomlán** | **1,449** | **2,298** | **1,427** |

**Nóta** [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-áit siúd ón 1 Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí €849,000 ní ba mhó de leithreasaí-i-gcabhair ná mar a bhí tuartha. Mínítear an chúis leis na hathraithis anseo thíos:

**1 Fáltais ón Aontas Eorpach**

*Meastacháin: €130,000, réadaithe: €1.016 milliún*

Bhí méadú €886,000 sa chatagóir seo mar gheall ar íocaíochtaí a fuarthas i leith dhá chonradh talmhaíochta in 2019. Bhíothas ag súil le híocaíocht €192,000 i leith Suirbhé Struchtúir Feirme 2016 a bheith faighte in 2018, ach cuireadh moill uirthi seo go dtí Feabhra 2019. Ina theannta sin, fuarthas réamhíocaíocht €500,000 i leith Áireamh Talmhaíochta 2020 tar éis síniú conartha in 2019. Tagann formhór na n-íocaíochtaí ó *Eurostat* tar éis síniú conartha in 2019. Go hiondúil, tagann formhór na n-íocaíochtaí ó *Eurostat* tar éis don Oifig na torthaí a chur isteach agus braitheann siad ar na costais a d'iompair an Oifig agus ar na torthaí a bheith glactha. Mar gheall air seo, bíonn sé deacair tuar cruinn a thabhairt ar cathain gur féidir a bheith ag súil le híocaíochtaí a fháil.

## Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

### 5.1 Líon Fostaithe

| **Comhionann le fostaithe lánaimsire** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 832 | 772 |

### 5.2 Pá

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 37,559 | 35,048 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 110 | 94 |
| Liúntais eile | 99 | 93 |
| Ragobair | 80 | 75 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,931 | 2,637 |
| **Pá Iomlán** | **40,779** | **37,947** |

### 5.3 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2019** | **2018** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 54 | 1 | 10,336 | 8,005 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 21 | 1 | 14,124 | 16,978 |
| Liúntais eile[a] | 14 | 1 | 10,263 | 9,217 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 19 | 4 | 21,430 | 24,285 |

Nóta [a] San áireamh i 'Liúntais eile' tá liúntais seala agus uainchláir (suim is mó a íocadh le duine aonair in 2018: €9,217) agus liúntais ilghnéitheacha (suim is mó a íocadh le duine aonair in 2018: €7,050)

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh beirt státseirbhíseach a bhí imithe ar scor agus ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostú ar bhonn táille ar chostas iomlán €7,050 le linn 2019. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta Seirbhísí Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Ní áirítear ar an chuntas seo caiteachas i leith 26 oifigeach a bhí ag tabhairt seirbhíse lasmuigh den Oifig ar feadh cuid nó iomlán na bliana 2019 i ranna/oifigí eile rialtais agus nach bhfuair an Oifig forchúiteamh dá dtuarastail.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí Párolla

| mar a bhí 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 72 | 146,461 | 104,540 |
| Socruithe aisghabhála in áit | 29 | 36,922 | 52,817 |

Aistríodh 6 shocrú aisghabhála ró-íocaíochta i leith 6 duine ar luach €1,867 chuig ranna eile i rith na bliana.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú AE

Faigheann an Oifig maoiniú i ndáil le tionscadail/suirbhéanna a reáchtáiltear thar ceann *Eurostat*. Le linn 2019, fuair an Oifig €1,016,000 in ioncam AE de bhun trí chonradh. Bhain dhá ceann acu seo le talmhaíocht (Suirbhé Struchtúir Feirme agus Áireamh Talmhaíochta 2020) agus éascaíonn an ceann eile comparáidí ar phaireacht chumhachta ceannaigh maidir le praghsanna ó phríomhchathair go príomhchathair (Suirbhé um Paireacht Chumhachta Ceannaigh). Tá an maoiniú seo sainithe mar leithreasaí-i-gcabhair in 2019. Cé gur iompraíodh cuid den chaiteachas a bhain le talmhaíocht in 2019, tabhófar an móramh den chaiteachas foriomlán in 2020 agus luafar é go príomha faoi fho-mhírcheann A (i) den Vóta.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon cás-anna** | **Costais dlí íoctha ag an Oifig** | **Cúiteamh bronnta** | **Costais dlí bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh ag Fostaithe | 5 | 9 | — | — | 9 | — |
| | | **9** | **—** | **—** | **9** | **—** |